CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/438 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Márta 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Riaracháin an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Vótálfaidh Comhairle Riaracháin an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID), trí nós imeachta i scríbhinn, ar phacáiste leasuithe atá beartaithe ar rialacha ICSID. Tionscnaíodh an nós imeachta i scríbhinn an 20 Eanáir 2022 agus tá sé le cur i gcrích an 21 Márta 2022.

(2) Ní ball de ICSID é an tAontas. Mar sin féin, rinne an tAontas rialacha ICSID a ionchorprú, de réir tagairtí, ina chomhaontuithe trádála agus infheistíochta ina ndéantar foráil maidir le cosaint infheistíochta agus réiteach díospóide infheistíochta.

(3) I dTuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017 ([1]), shoiléirigh an Chúirt go dtagann an infheistíocht dhíreach choigríche faoi réim inniúlachtaí eisiacha an Aontais agus nach féidir sásraí maidir le réiteach díospóide infheistíochta a bhunú gan toiliú na mBallstát.

(4) Trí na rialacha maidir le ICSID a athchóiriú, d'fhéadfadh go mbeadh na Rialacha maidir le Saoráid Bhreise ICSID infheidhme maidir le díospóidí a thionscnaítear i gcoinne eagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch amhail an tAontas. Úsáideann an tAontas rialacha ICSID ina chonarthaí infheistíochta freisin, agus is féidir le hinfheisteoirí de chuid an Aontais na rialacha sin a úsáid i gcásanna a thugtar i gcoinne tríú tíortha, ag infheisteoirí nach infheisteoirí de chuid an Aontais iad in aghaidh Bhallstáit an Aontais nó ag infheisteoirí nach infheisteoirí de chuid an Aontais in aghaidh an Aontais féin nuair a chomhlíontar ceanglais ábhartha Choinbhinsiún ICSID. Dá bhrí sin, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag leasuithe rialacha ICSID ar fheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas agus ar sheoladh imeachtaí dlíthiúla a bhféadfaidh an tAontas a bheith ina pháirtí iontu. Tá leas ar leith ag an Aontas, dá bhrí sin, in athchóiriú rialacha ICSID.

(5) Tá 26 Bhallstát de chuid an Aontais ina mbaill de ICSID. Tá na Ballstáit sin in ann a bheith rannpháirteach sa Chomhairle Riaracháin agus vótáil ar na rialacha leasaithe i gcomhthéacs an nós imeachta i scríbhinn.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a ghlacadh maidir leis na leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar rialacha ICSID ionas go bhféadfaidh na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, seasamh an Aontais a chur in iúl laistigh de Chomhairle Riaracháin ICSID.

(7) I gcomhthéacs imeachtaí Choinbhinsiún ICSID, leis na leasuithe, déantar na Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais ICSID, Rialacha Institiúide ICSID, na Rialacha Eadrána ICSID agus na Rialacha Comhréitigh ICSID a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt. Mar thoradh ar na leasuithe, *inter alia*, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht na n-imeachtaí, soiléireoidh siad forálacha maidir le dífhostú luath éileamh gan bhunús agus slándáil i leith costas, agus cuirfidh siad na hoibleagáidí maidir le nochtadh le haghaidh cistiú tríú páirtí chun feidhme.

([1]) Tuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, ECLI:EU:C:2017:376.

(8) I gcomhthéacs imeachtaí Shaoráid Bhreise ICSID, leis na leasuithe atá beartaithe, déantar Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Shaoráid Bhreise ICSID, Rialacha Eadrána Shaoráid Bhreise ICSID agus Rialacha Comhréitigh Shaoráid Bhreise ICSID a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt. Léireofar an chuid is mó de na leasuithe ar imeachtaí Choinbhinsiún ICSID freisin sna Rialacha maidir le Saoráid Bhreise ICSID. Ina theannta sin, leathnófar raon feidhme imeachtaí na Saoráide Breise chun go n-áireofar, *inter alia*, díospóidí lena mbaineann eagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch.

(9) I gcomhthéacs imeachtaí aimsithe fíoras ICSID, leis na leasuithe atá beartaithe déantar Rialacha Aimsithe Fíoras ICSID neamhspleácha agus Rialacháin Aimsithe Fíoras Riaracháin agus Airgeadais ICSID a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt.

(10) I gcomhthéacs idirghabháil ICSID, bunaítear leis an togra le haghaidh athchóiriú sraith nua Rialacha Idirghabhála ICSID agus Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Idirghabhála ICSID.

(11) Tugtar aghaidh sna leasuithe ar na hábhair imní atá ann faoi láthair a cuireadh in iúl maidir leis an gcóras atá ann cheana maidir le réiteach díospóidí infheisteoirí agus Stáit agus cuirtear feabhas suntasach ar rialacha ICSID.

(12) Tá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais de bhun an Chinnidh seo gan dochar do phríomhchuspóir an Aontais agus a Bhallstáit sa réimse seo, eadhon bunú cúirt bhuan iltaobhach infheistíochta a chuirfeadh buansásra in ionad an chórais eadrána infheistíochta atá ann faoi láthair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, léireoidh na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún ICSID go nglacann siad leis na leasuithe atá beartaithe ar rialacha ICSID le linn an nós imeachta vótála i scríbhinn a thionscain Cathaoirleach Chomhairle Riaracháin ICSID ón 20 Eanáir 2022 agus atá beartaithe é a chur i gcrích an 21 Márta 2022 lena bhformheastar na ceithre dhréachtrún maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

— na Rialacháin agus na Rialacha maidir le himeachtaí Coinbhinsiúin ICSID (AC(C)/RES/1/2022) a leasú;

— na Rialacháin agus na Rialacha maidir le himeachtaí Shaoráid Bhreise ICSID (AC(C)/RES/2/2022) a leasú;

— na Rialacháin agus na Rialacha maidir le himeachtaí idirghabhála ICSID (AC(C)/RES/3/2022) a ghlacadh; agus

— na Rialacháin agus na Rialacha maidir le himeachtaí aimsithe fíoras ICSID (AC(C)/RES/4/2022) a ghlacadh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
É. BORNE